LOBBYING.ie

An Clár Brústocaireachta

Register of Lobbying

# Treoirlínte maidir leis an mbrústocaireacht i dtaca le forbairt talún agus le criosú talún

Lúnasa 2015

# Clár na nÁbhar

Réamhrá ..... 3

Conas a d'fhéadfadh an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil bheith bainteach le daoine aonair agus le grúpaí áitiúla ..... 3

Cad is ciall le Criosú? ..... 3

Cad is ciall le Forbairt? ..... 4

Iarratais ar chead pleanála ..... 4

Forfheidhmiú cinntí pleanála ..... 4

Mórthionscadail bhonneagair ..... 4

An bhfuil tú páirteach i mbrústocaireacht i dtaca le criosú agus le forbairt? ..... 5

A Cé atá ag leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí brústocaireachta i dtaca le criosú agus le forbairt? ..... 5

B Cé a bhfuil brústocaireacht á déanamh air: Oifigigh Phoiblí Shainithe ..... 5

C Cad is teachtaireacht iomchuí ann? ..... 6

D Cad is ní iomchuí ann? ..... 6

E Cad is teachtaireacht eiscthe ann? ..... 6

Conas a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil brústocaireacht á déanamh agat ..... 7

An bhfuil teachtaireacht á seoladh agat chuig Oifigeach Poiblí Sainithe maidir le criosú nó forbairt? ..... 7

An ní iomchuí é? ..... 8

Cad atá i gceist go díreach leis an teachtaireacht? ..... 8

Cad iad na samplaí teachtaireachta maidir le criosú agus forbairt nach dóigh go measfar gurb ionann iad agus brústocaireacht? ..... 8

Treoir a fháil ..... 9

Cad is gá duit a dhéanamh ..... 9

An Clár Brústocaireachta ..... 10

## Réamhrá

Tiocfaidh an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015 (an tAcht) i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2015.

Baineann an tAcht leo seo a leanas go príomha:

- brústocairí gairmiúla,
- eagraíochtaí tráchtála ag a bhfuil níos mó ná 10 fostaithe lánaimseartha;
- comhlachtaí ionadaíocha ag a bhfuil fostaí lánaimseartha amháin ar a laghad; agus
- grúpaí tathanta, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus carthanais ag a bhfuil fostaí lánaimseartha amháin ar a laghad agus a chuireann leasanna nó cúiseanna ar leith chun cinn.

Tá treoirlínte ginearálta i dtaca le leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí brústocaireachta ar fáil ar líne.

## Conas a d’fhéadfadh an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil bheith bainteach le daoine aonair agus le grúpaí áitiúla

Agus iad ag seoladh teachtaireachta chuig oifigigh phoiblí nó le hionadaithe don phobal maidir le criosú talún nó le forbairt talún, d’fhéadfadh daoine aonair agus grúpaí nach measfadh de ghnáth go bhfuil siad ag leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí brústocaireachta a fháil amach go mbaineann an tAcht leo.  Sna treoirlínte seo, pléitear go sonrach leis an mbrústocaireacht i dtaca le criosú agus le forbairt.

## Cad is ciall le Criosú?

Dréachtaíonn údaráis áitiúla pleananna forbartha agus pleananna ceantair áitiúil le haghaidh a gcuid limistéar go rialta.  I measc nithe eile, leagtar amach sna pleananna sin an úsáid a d’fhéadfaí a bhaint as talamh, mar shampla, d’fhéadfaí talamh a shainiú le haghaidh úsáid chónaithe; le haghaidh úsáid thionsclaíoch, tráchtála, talmhaíochta nó caitheamh aimsire; mar spás oscailte; nó mar mheascán de na húsáidí sin.  Tugtar “criosú” air sin de ghnáth.  Ó am go chéile, d’fhéadfadh an t-údarás áitiúil breithniú ar an sainiú tailte ar leith a athrú (“athaicmiú talún”).

Agus pleananna forbartha nó pleananna ceantair áitiúil á ndréachtú acu, glacann údaráis áitiúla páirt i bpróiseas foirmiúil comhairliúcháin phoiblí.  Fágann sé sin go bhféadfaidh tú aighneacht a dhéanamh chuig an údarás áitiúil ina leagtar amach do chuid tuairimí faoin bplean beartaithe.  Má chuirtear tuairimí in iúl d’údarás áitiúil mar chuid de phróiseas foirmiúil comhairliúcháin phoiblí, ní hionann sin agus brústocaireacht.

Mar sin féin, is féidir gur brústocaireacht atá i dteachtaireacht a sheoladh chuig Oifigeach Poiblí Sainithe lasmuigh den phróiseas foirmiúil comhairliúcháin phoiblí maidir le plean forbartha, le plean ceantair áitiúil nó le togra chun tailte ar leith a chriosú nó athaicmiú talún a dhéanamh orthu. (Mar shampla, teagmháil a dhéanamh le do TD áitiúil nó le do Chomhairleoir Contae maidir le plean forbartha nó le togra chun tailte ar leith a chriosú nó athaicmiú talún a dhéanamh orthu lasmuigh den phróiseas foirmiúil comhairliúcháin phoiblí.)

# Cad is ciall le Forbairt?

Is é an sainmhíniú a thugtar ar "forbairt" sna hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt ná aon oibreacha a dhéanamh ar thalamh, sa talamh, os cionn na talún nó faoin talamh nó aon athrú ábhartha a dhéanamh ar úsáid aon déanmhas nó talún eile.

## Iarratais ar chead pleanála

Is féidir go dteastóidh cead pleanála ó fhorbairt. De ghnáth, is chuig an údarás áitiúil a dhéantar iarratais ar chead pleanála. Níl fáil ag an bpobal ar na hiarratais sin. Ní hionann iarratas ar chead pleanála agus brústocaireacht. Ní hionann an iarraidh dearbhuithe/atreoruithe faoi na hAchtanna Pleanála maidir le forbairt agus le forbairt dhíolmhaithe agus brústocaireacht.

Is ar fáil don phobal lena scrúdú freisin atá aighneachtaí faoi iarratas ar bith ar chead pleanála. (Mar shampla, féadfaidh tú cur in aghaidh cead pleanála ar leith.) Níl brústocaireacht á déanamh agat má chuireann tú aighneacht faoi iarratas ar chead pleanála faoi bhráid d'údaráis áitiúil.

Is féidir a mheas gur brústocaireacht í teachtaireacht le hOifigeach Poiblí Sainithe maidir le hiarratas pleanála atá lasmuigh den phróiseas foirmiúil pleanála, áfach.

## Forfheidhmiú cinntí pleanála

Tá na húdaráis áitiúla freagrach as na dlíthe pleanála a chur chun feidhme. Féadfar gearáin a dhéanamh le húdarás áitiúil más rud é go bhfuil duine den tuairim go bhfuil forbairt á déanamh nó déanta ar forbairt í atá contrártha do na dlíthe pleanála nó do na coinníollacha atá ceangailte le cead pleanála ar leith. Ní hionann na gearáin sin agus brústocaireacht mar go mbaineann siad le cur chun feidhme na ndlíthe pleanála.

## Mórthionscadail bhonneagair

Déantar iarratais phleanála maidir le mórthionscadail bhonneagair go díreach chuig an mBord Pleanála. Is chuig an mBord Pleanála freisin a dhéantar achomhairc in aghaidh cinntí pleanála a rinne údaráis áitiúla. Ní hionann teachtaireachtaí leis an mBord Pleanála agus gníomhaíochtaí brústocaireachta mar nach Oifigigh Phoiblí Shainithe iad a chuid ball agus oifigeach.

Is féidir gurb ionann teachtaireachtaí a sheoltar chuig Oifigigh Phoiblí Shainithe maidir le hiarratais phleanála nó le hachomhairc phleanála i gcás na dtionscadal sin agus brústocaireacht, áfach.

## An bhfuil tú páirteach i mbrústocaireacht i dtaca le criosú agus le forbairt?

Tá, má chomhlíonann tú gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

A. Tá tú ag leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí brústocaireachta.

B. Is Oifigeach Poiblí Sainithe é an duine a bhfuil brústocaireacht á déanamh air.

C. Tá teachtaireacht iomchuí á déanamh agat.

D. Baineann an teachtaireacht sin le ní iomchuí.

E. Ní teachtaireacht eiscthe í an teachtaireacht sin.

### A Cé atá ag leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí brústocaireachta i dtaca le criosú agus le forbairt?

Is féidir a mheas gur ag déanamh gníomhaíochtaí brústocaireachta atá duine, eagraíocht nó grúpa ar bith a sheolann teachtaireacht chuig Oifigeach Poiblí Sainithe maidir le ní iomchuí a bhaineann le criosú talún nó le forbairt talún.

### B Cé a bhfuil brústocaireacht á déanamh air: Oifigigh Phoiblí Shainithe

Is Oifigigh Phoiblí Shainithe iad seo:

- Airí an Rialtais agus Airí Stáit
- Comhaltaí eile de Dháil Éireann agus de Sheanad Éireann
- Feisirí de Pharlaimint na hEorpa do na trí thoghcheantar in Éirinn
- Baill d'údaráis áitiúla
- Comhairleoirí Speisialta
- Ard-Rúnaithe agus Ard-Rúnaithe Cúnta na ranna Rialtais
- Príomhoifigigh Feidhmiúcháin agus Stiúrthóirí Seirbhísí in údaráis áitiúla

Leagfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe fostaithe eile sa tseirbhís phoiblí síos le himeacht ama.

Tá oibleagáid ar chomhlachtaí poiblí foilsiú agus coinneáil a dhéanamh ar ainmneacha a bhfostaithe is Oifigigh Phoiblí Shainithe agus ar chur síos achomair ar a róil agus a bhfreagrachtaí chun críocha na reachtaíochta um brústocaireacht. Coinneofar an fhaisnéis sin cothrom le dáta agus cuirfear ar fáil í ar shuíomhanna Gréasáin na gcomhlachtaí poiblí.

## C Cad is teachtaireacht iomchuí ann?

Is é is teachtaireacht iomchuí ann ná teachtaireacht

- Is féidir a dhéanamh i scríbhinn nó ó bhéal
- A dhéantar go pearsanta, bíodh sé go díreach nó go hindíreach. (Measfar gur tusa a rinne an teachtaireacht go pearsanta fiú sa chás go n-iarrann tú ar dhuine eile an teachtaireacht a sheoladh thar do cheann. Ní annamh a fhostaíonn duine comhairleach pleanála a sheolfaidh teachtaireacht chuig údarás áitiúil thar a cheann. Má mheastar gurb ionann na teachtaireachtaí sin agus gníomhaíocht brústocaireachta, is féidir go n-éileofar ar an gcomhairleach pleanála clárú agus d'áireofaí leis sin an duine a bhfuil sé ag déanamh ionadaíocht dó mar chliant ar a thuairisceán ar ghníomhaíocht brústocaireachta. Más rud é go ndearna an duine teachtaireachtaí leithleacha nó breise é féin a measadh a bheith ina ngníomhaíochtaí brústocaireachta, bheadh air clárú agus tuairisceán a sheoladh isteach.)
- A dhéantar chuig Oifigeach Poiblí Sainithe
- A bhaineann le ní iomchuí
- Nach teachtaireacht eisctheí

## D Cad is ní iomchuí ann?

Is é an sainmhíniú a thugtar san Acht ar ní iomchuí ná

- Ní ar bith a bhaineann le tionscnamh, forbairt nó mionathrú aon bheartais phoiblí nó aon chláir phoiblí
- Ullmhú nó leasú aon dlí (lena n-áirítear reachtaíocht thánaisteach amhail ionstraimí reachtúla agus fodhlíthe)
- Dámhachtain aon deontais, iasachta nó tacaíochta airgeadais eile, aon chonartha nó aon chomhaontaithe eile, nó aon cheadúnais nó údaraithe eile lena mbaineann cistí poiblí,

**SEACHAS** cur chun feidhme aon bheartais, chláir, achtaithe, dámhachtana nó ní ag a bhfuil cineál teicniúil.

## E Cad is teachtaireacht eisctheann?

Tá roinnt teachtaireachtaí eiscthe sonracha ann san Acht nach meastar gurb ionann iad agus brústocaireacht. Tá an liosta iomlán de theachtaireachtaí eiscthe ar fáil anseo. Is iad seo a leanas na teachtaireachtaí eiscthe iomchuí maidir le criosú agus forbairt.

- Do phríomháit chónaithe phríobháideach: Níl brústocaireacht á déanamh agat má sheolann tú teachtaireacht chuig Oifigeach Poiblí Sainithe maidir le cead pleanála a fháil chun do phríomháit chónaithe phríobháideach a thógáil nó a shíneadh. Is ionann do phríomháit chónaithe phríobháideach agus teaghais, nó cuid de theaghais, a áitíonn tú mar an t-aon áit chónaithe atá agat nó mar phríomháit chónaithe atá agat. Áirítear léi gairdíní nó tailte nach bhfuil níos mó ná acra amháin (0.4 heicteár) ann a úsáidtear le haghaidh d'áitíochta nó do thaitnimh féin.
- Faisnéis fhíorasach: Teachtaireachtaí lena n-iarrtar faisnéis fhíorasach nó lena gcuirtear faisnéis fhíorasach ar fáil mar fhreagairt d'iarraidh ar an bhfaisnéis (mar shampla, má chuireann tú ceist ar bhall nó oifigeach d'údarás áitiúil faoin bpróiseas pleanála)
- Aighneachtaí foilsithe: Teachtaireachtaí a iarrann agus a fhoilsíonn comhlacht seirbhíse poiblí (mar shampla, aighneachtaí a fhaightear mar fhreagairt do phróiseas comhairliúcháin phoiblí ar phlean forbartha nó ar phlean limistéir áitiúil)
- Teachtaireachtaí a sheolann Oifigigh Phoiblí Ainmnithe nó fostaithe sa tseirbhís phoiblí: Teachtaireachtaí a sheolann Oifigeach Poiblí Sainithe chuig Oifigigh Phoiblí Shainithe eile agus a sheoltar sa cháil sin; teachtaireachtaí a sheolann fostaithe sa tseirbhís phoiblí (nó daoine atá fostaithe ar conradh ag comhlacht seirbhíse poiblí) chuig Oifigigh Phoiblí Shainithe eile a sheoltar sa cháil sin agus a bhaineann le feidhmeanna an chomhlachta seirbhíse poiblí sin. Fostaítear fostaithe sa tseirbhís phoiblí i gcomhlachtaí seirbhíse poiblí nó bíonn siad i seilbh oifige sna comhlachtaí sin - go ginearálta, is comhlachtaí Stáit iad in ionad comhlachtaí Stáit tráchtála. Is comhlachtaí seirbhíse poiblí iad údaráis áitiúla. (Fágann sé sin nach ionann agus brústocaireacht na teachtaireachtaí a sheolann comhairleoirí contae nó ionadaithe tofa eile chuig bainisteoirí údaráis áitiúil nó fostaithe eile sa tseirbhís phoiblí.)

## Conas a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil brústocaireacht á déanamh agat

Tá ceisteanna ann is gá duit a chur/a fhreagairt sula gcinneann tú cé acu atá nó nach bhfuil tú i mbun brústocaireachta de réir bhrí na reachtaíochta:

### An bhfuil teachtaireacht á seoladh agat chuig Oifigeach Poiblí Sainithe maidir le criosú nó forbairt?

Féadfaidh teachtaireacht dhíreach nó indíreach a bheith i gceist anseo. Is teachtaireacht indíreach í teachtaireacht a iarrann tú ar dhuine eile a sheoladh thar do cheann agus meastar chun críocha an Achta gur tusa a sheol an teachtaireacht go fóill.

Má tá,

## An ní iomchuí é?

An mbaineann an teachtaireacht le tionscnamh, forbairt nó mionathrú aon bheartais phoiblí nó aon chláir phoiblí maidir le criosú nó forbairt nó an mbaineann sí le cur chun feidhme aon bheartais nó aon chláir den sórt sin? Má bhaineann sí le cur chun feidhme amháin, níl brústocaireacht á déanamh agat.

## Cad atá i gceist go díreach leis an teachtaireacht?

Samplaí de theachtaireachtaí maidir le criosú agus forbairt ar dóigh go measfar gurb ionann iad agus brústocaireacht

I gcás criosaithe agus forbartha, is iad seo a leanas roinnt samplaí de theachtaireachtaí maidir le nithe iomchuí a mheasfaí gurb ionann iad agus brústocaireacht:

- Is ionann agus brústocaireacht teachtaireacht a sheoltar lasmuigh de phróiseas foirmiúil comhairliúcháin chuig Oifigeach Poiblí Sainithe maidir le plean forbartha nó plean limistéir áitiúil nó criosú nó athchriosú talún.
- Féadfar gurb ionann agus brústocaireacht teachtaireacht a sheoltar chuig Oifigeach Poiblí Sainithe maidir le hiarratas pleanála le haghaidh forbairt cónaithe ar thalamh atá criosaithe mar thalamh cónaithe cheana féin má bhaineann an t-iarratas pleanála le mionathrú beartais, mar shampla, i gcásanna ina mbaineann an t-iarratas le dlús tithíochta atá níos mó ná mar atá leagtha amach sa phlean forbartha nó sa phlean limistéir áitiúil.
- Féadfar a mheas gurb ionann agus brústocaireacht teachtaireacht maidir le hiarratas pleanála a sheoltar chuig Oifigeach Poiblí Sainithe lasmuigh den phróiseas foirmiúil pleanála.
- Féadfar gurb ionann agus brústocaireacht teachtaireacht a sheoltar chuig Oifigigh Phoiblí Shainithe maidir le mórthionscadail bhonneagair a fhorbairt.
- Is ionann agus brústocaireacht teachtaireacht a sheoltar chuig Oifigeach Poiblí Sainithe maidir le hiarratas pleanála ar fheirm ghaoithe a fhorbairt nó ar phiolóin a thógáil ar thalamh atá criosaithe mar thalamh talmhaíochta nó taitneamhachta (is cuma cé acu atáthar ag tacú leis an iarratas nó ag cur ina aghaidh) má bhaineann an teachtaireacht sin le mionathrú beartais.

## Cad iad na samplaí teachtaireachta maidir le criosú agus forbairt nach dóigh go measfar gurb ionann iad agus brústocaireacht?

- Ní hionann agus brústocaireacht teachtaireacht maidir le do phríomháit chónaithe phríobháideach.
- Ní hionann iarratas ar chead pleanála agus brústocaireacht.
- Ní hionann an iarraidh dearbhuithe/atreoruithe faoi na hAchtanna Pleanála maidir le forbairt agus le forbairt dhíolmhaithe agus brústocaireacht.
- Ní hionann agus brústocaireacht aighneacht a chur faoi bhráid údarás áitiúil maidir le hiarratas ar chead pleanála.
- Ní hionann agus brústocaireacht teachtaireacht a sheoltar chuig údarás áitiúil nó chuig Oifigeach Poiblí Sainithe maidir le coinníoll pleanála a fhorfheidhmiú toisc go mbaineann sí le cur chun feidhme.
- Ní hionann agus brústocaireacht teachtaireacht a sheoltar chuig Oifigeach Poiblí Sainithe maidir le hiarratas pleanála le haghaidh forbairt cónaithe ar thalamh atá criosaithe mar thalamh cónaithe cheana féin más rud é go mbaineann an t-iarratas pleanála le cur chun feidhme beartais, go gcomhlíonann sé riachtanais uile an bheartais sin agus nach n-iarrtar mionathrú ar an mbeartas sin ann.
- Ní hionann agus brústocaireacht aighneacht a chur faoi bhráid údarás áitiúil ina leagtar amach do thuairimí ar phlean forbartha nó plean limistéir áitiúil atá beartaithe mar chuid de phróiseas comhairliúcháin phoiblí.
- Ní hionann agus brústocaireacht faisnéis a iarraidh faoin bpróiseas pleanála, forbartha nó criosaithe.

## Treoir a fháil

Mura bhfuil tú cinnte faoi cé acu atá nó nach bhfuil tú i mbun brústocaireachta, ba cheart duit

1. Treoir a iarraidh ón gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. Is féidir go mbeidh an Coimisiún um Chaighdeáin in ann comhairle a thabhairt duit maidir le cé acu atá nó nach bhfuil tú i mbun gníomhaíochtaí brústocaireachta.

2. Má shíleann tú go bhfuil tú i mbun gníomhaíochtaí brústocaireachta, ba cheart duit clárú ar www.lobbying.ie/ga

## Cad is gá duit a dhéanamh

Ní foláir duit clárú agus tuairisceán ar do ghníomhaíochtaí brústocaireachta a chur isteach laistigh de 21 lá (dáta iomchuí) ó dheireadh na tréimhse iomchuí ina dtosaíonn tú ar ghníomhaíochtaí brústocaireachta den chéad uair. A luaithe atá tú cláraithe, ní foláir duit tuairisceán a chur isteach maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a rinneadh le linn gach tréimhse iomchuí ina dhiaidh sin.

Is é an tréimhse iomchuí na ceithre mhí dar críoch an lá deiridh de mhí Aibreáin, de mhí Lúnasa agus de mhí na Nollag gach bliain.

Más rud é go dtosaíonn tú ar ghníomhaíochtaí brústocaireachta idir

- an 1 Eanáir agus an 30 Aibreán, ní foláir duit clárú agus tuairisceán ar do ghníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh isteach faoin 21 Bealtaine
- an 1 Bealtaine agus an 31 Lúnasa, ní foláir duit clárú agus tuairisceán ar do ghníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh isteach faoin 21 Meán Fómhair
- an 1 Meán Fómhair agus an 31 Nollaig, ní foláir duit clárú agus tuairisceán ar do ghníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh isteach faoin 21 Eanáir.

Tiocfaidh an tAcht in éifeacht an 1 Meán Fómhair 2015. Is í an tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015 an chéad tréimhse chlárúcháin. Ní foláir cláruithe agus tuairisceáin ar ghníomhaíochtaí brústocaireachta i dtaca leis an tréimhse sin a sheoladh chuig an gclár faoin 21 Eanáir 2016.

## An Clár Brústocaireachta

Ní féidir clárú ná tuairisceán a sheoladh isteach ar líne ach ar www.lobbying.ie. Níl aon mheicníocht eile ann le haghaidh clárú nó tuairisceán a sheoladh isteach. Is ar fáil anseo atá faisnéis mhionsonraithe faoin gClár Brústocaireachta agus faoin dóigh a n-oibríonn sé.